



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019
(OR. en, fr)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0070(COD)

9427/19
ADD 1

CODEC 1108
ENV 494
ENT 137
COMPET 414
IND 178
SAN 255
CONSOM 170
MI 454
CHIMIE 82

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le truaileáin orgánacha mharthanacha (athmhúnlú) (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh - Ráitis

Ráiteas ón gCoimisiún

Cuireann an Coimisiún i bhfios, d'ainneoin an ceart atá ag comhreachtóirí an gnáthnós imeachta reachtach a roghnú thar ghníomhartha tarmligthe, go bhféadfadh úsáid an ghnáthnós imeachta reachtaigh chun Iarscríbhinní IV agus V a leasú cumas an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a gcuid oibleagáidí idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiún Stóicólm a chomhlíonadh agus teorainneacha tiúchain do dhramhaíl truaileán orgánach marthanach faoi Choinbhinsiún Basel a shocrú trí idirbheartaíocht a chur i mbaol, ag féachaint do na hamlínte agus na nósanna imeachta a bhaineann leis.

Ráiteas ón gCoimisiún

Tugann an Coimisiún dá aire, mar gheall go ndéantar tagairt dhíreach sa sainmhíniú ar "airteagal" san athmhúnlú ar an Rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha don sainmhíniú ar "airteagal" i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH), go léirmhíonann an Coimisiún an téarma sin ar an mbealach céanna agus a léirmhínítear é in REACH, aon soiléiriú a thugtar sa chásdlí ábhartha san áireamh. Déanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán treoir a ullmhú, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, le léirmhíniú an téarma “airteagal” sa Rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a dhearbhu, i gcomhréir leis an gcásdlí ábhartha, a luaithé is féidir tar éis theacht i bhfeidhm athmhúnlú an Rialacháin ar thruailleáin orgánacha mharthanacha.

Ráiteas ón gCoimisiún

Dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé beartaithe aige tús a chur gan aon mhoill le hathbhreithniú ar an teorainnluach d'éitir dhéfhéinile pholabróimínithe in Iarscríbhinn IV den Rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha, agus an oiread faisnéise eolaíochta agus teicniúil atá ar fáil á chur san áireamh aige, agus cuspóir aige teorainnluach níos ísle a mholadh a mbeadh teorainnluach féideartha 500 ppm curtha san áireamh ann.

Ráiteas Comhpháirteach ón bhFrainc agus ón tSualainn

Is díol sásaimh don Fhrainc agus don tSualainn athmhúnlú an Rialacháin maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha lena ndéantar gealltanais an Aontais Eorpaigh faoi Choinbhinsiún idirnáisiúnta Stócólm a chur chun feidhme agus lena gcomhlíontar Conradh Liospóin.

Tá siad buíoch as an obair a rinne Uachtaránacht na hOstaire agus Uachtaránacht na Rómáine. Gabhann siad buíochas freisin leis na feisirí a raibh an t-athmhúnlú sin mar chúram orthu le linn an ochtú téarma de chuid Pharlaimint na hEorpa. Gabhann siad buíochas chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach as na heilimintí teicniúla a chuir sé ar fáil chun na luachanna tairsí sna harscríbhinní a shoiléiriú.

Cuireann an Fhrainc agus an tSualainn i dtreis a thiomanta atá siad don aithris lena meabhraítear gur cúis mhór inní é don Aontas truailléain orgánacha mharthanacha ('POPanna') a bheith á scaoileadh go leanúnach isteach sa chomhshaol, ós rud é go n-íompraítear na substaintí ceimiceacha sin thar theorainneacha idirnáisiúnta, i bhfad óna bhfoinsí, agus go bhfanann siad sa chomhshaol, go mbithcharnaítear iad tríd an mbia-eangach, agus go gcuireann siad sláinte an duine agus an comhshaol i mbaol.

Dá bhrí sin, ba mhian leo freisin gurbh ionann an Rialachán agus creat dlíthiúil comhchoiteann trína bhféadfaí bearta a ghlacadh arb aidhm leo go háirithe deireadh a chur le monarú, cur ar an margadh agus úsáid POPanna, mar a mheabhraítear sna haithrisí.

Ós amhlaidh atá, athdhearbhaíonn an Fhrainc agus an tSualainn a thábhachtaí atá sé go gcuirfí tús, a luaithis is féidir, leis an misean a bheidh de chúram ar an gCoimisiún Eorpach amhail ón tráth a ghlacfar an t-athmhúnlú seo, eadhon luach tairisí athbhreithnithe a ghlacadh le haghaidh éitear défheiníle polabróimínithe in 2021 ar a dhéanaí. Beidh comhroinnt taithí ar dhea-chleachtais theicniúla agus eagraíochtúla mar dhlúthchuid de mhisean sin an Choimisiúin. Beidh na teicníochtaí is fearr atá ar fáil a ghlacadh le déanaí (an BREF maidir le cóireáil dramhaíola a ghlacadh i mí Lúnasa 2018) agus na teicníochtaí a bhfuiltear ag obair orthu faoi láthair (an BREF maidir le cóireáil dramhaíola trí loscadh, a bheartaítear a ghlacadh ar an 17 Meitheamh 2019) ina gcuidiú chun an cuspóir sin a bhaint amach go gasta.